



NUI Galway
OÉ Gaillimh



A Nation Rising
Éire á Múscailt

Commemorating 1916 and beyond
Comóradh ar 1916 agus ar lean é

Programme
of Events
An Clár Comórtha

www.nuigalway.ie/anationrising

19
.....
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme



THE MEN AND WOMEN WHO SHAPED THE EVENTS OF 1916 HAD DIFFERENT BACKGROUNDS, BELIEFS AND IDEAS, BUT THEY SHARED A DRIVE TO CREATE A BETTER IRELAND. AS THE NATION JOINS TOGETHER TO COMMEMORATE THEIR VISION, SO TOO HAS OUR DIVERSE UNIVERSITY COMMUNITY.

IS IOMAÍ CÚLRA, CREIDEAMH AGUS TUAIRIM ÉAGSÚIL A BHÍ AG NA FIR AGUS NA MNÁ A BHÍ TAOBH THIAM D'IMEACHTAÍ 1916, ACH BHÍ SIAD AR FAD MEÁITE AR ÉIRINN NÍOS FEARR A CHRUTHÚ. AGUS AN NÁISIÚN AG TEACHT LE CHÉILE CHUN FÍS NA NDAOINE SIN A CHOMÓRADH, TÁ POBAL ÉAGSÚIL NA HOLLSCOILE TAGTHA LE CHÉILE CHOMH MAITH.

As the programme of events evolves throughout the year, please see updates and new events at:

www.nuigalway.ie/anationrising

Beidh imeachtaí nua á gcur leis an gclár imeachtaí i rith na bliana. Beidh an t-eolas is déanaí ar fáil ar an nasc thuas.



DR JAMES J. BROWNE

NUI Galway President

The Easter Rising was led by poets and scholars, visionaries and social innovators. They shared a passion for learning and a belief that, through sharing ideas, they could build a better Ireland. At NUI Galway, 100 years later, we share the same passion for knowledge and a belief in the power of education.

I commend my colleagues on a commemorative programme that is stimulating and imaginative. The University will mark the centenary year with a feast of exhibitions, conferences, publications and seminars, both in Irish and English. The programme features artistic, dramatic and musical performances with established and emerging artists. It will reach out to the community, sharing knowledge through public talks, festivals and workshops, on campus and beyond.

I am delighted to see so many colleagues contributing to the programme from across many disciplines, in particular from the Arts and Humanities. The expertise, energy and passion they bring to the commemoration are a fitting tribute to the legacy of 1916. It gives me great pleasure to invite you to join us in reflecting on a remarkable year in the making of our nation.

AN DR JAMES J. BROWNE

Uachtarán OÉ Gaillimh

Filí agus scoláirí, fisithe agus nuálaithe sóisialta a bhí ina gceann feadhna ar Éirí Amach na Cásca. Bhí siad ar fad tógtha leis an bhfoghlaim agus leis an tuairim go bhféadfaidís Éire níos fearr a chur chun cinn trí smaointe a roinnt lena chéile. Céad bliain ina dhiaidh sin in OÉ Gaillimh, tá an grá céanna againn don eolas agus tuigimid cumhacht an oideachais.

Molaim mo chomhghleacaithe as an gclár comórtha atá curtha i dtoll a chéile acu, clár atá uilechuimsitheach agus samhlaíoch. Déanfaidh an Ollscoil comóradh ar an gcéad bliain le raidhse taispeántas, comhdhálacha, foilseachán agus seimineár, i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh ealaíontóirí seanbhunaithe agus nua i mbun léiriúcháin ealaíonta, dhramata agus cheolmhara mar chuid den chlár. Beidh an pobal páirteach sa chlár, roinnfear eolas ag cainteanna poiblí, féilte agus ceardlanna, ar an gcampas agus lasmuigh de.

Táim an-sásta an oiread den fhoireann as lear mór disciplíní a fheiceáil ag glacadh páirte sa chlár, go háirithe comhaltaí foirne sna Dána agus sna Daonnachtaí. Is iontach an meas d'oidhreacht 1916 atá á léiriú ag an saineolas, an fuinneamh agus an díograis atá acu i leith an chomórtha. Is mór an pléisiúr dom cuireadh a thabhairt daoibh féachaint siar ar bhliain chomh tábhachtach i stair ár náisiúin.



DR MARY NOELLE HARRIS

Senior Lecturer in History, School of Humanities
NUI Galway 1916 Commemorative Programme
Co-ordinator

On behalf of myself and my colleagues in the School of Humanities, I invite you to join us in commemorating the extraordinary events of 1916 – a year that dramatically shaped our nation’s history. We look forward to marking the centenary year through a wide-ranging programme of events on the University campus and in the community, in the city of Galway and beyond.

The largest mobilisation outside Dublin in Easter Week 1916 took place in Co. Galway, where over 600 men and women rose. Many dreamed of a Republic, others were motivated by the prospect of land reform. In previous years, however, those involved in the Gaelic and Anglo-Irish revivals saw the West in a more romantic light, as the repository of authentic Gaelic culture.

NUI Galway’s commemorative programme examines the events of 1916 from a variety of perspectives at local, regional and national levels. It explores the political, social and cultural contexts of the Rising and its legacies. I welcome you to come explore the events of the time and the impact they had, and continue to have today.

AN DR MARY NOELLE HARRIS

Léachtóir Sinsearach le Stair, Scoil na nDaonnachtaí
Comhordaitheoir Chlár Comórtha 1916 OÉ Gaillimh

Thar mo cheann féin agus thar ceann mo chomhghleacaithe i Scoil na nDaonnachtaí, tugaim cuireadh daoibh a bheith linn chun imeachtaí suntasacha 1916 a chomóradh – bliain a chuaigh i bhfeidhm go mór ar stair ár náisiúin. Táimid ag súil leis an gcéad bliain a cheiliúradh le réimse leathan imeachtaí ar champas na hOllscoile agus i measc an phobail, i gcathair na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile.

Ba i gCo. na Gaillimhe a tharla an slógadh is mó lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i rith Sheachtain na Cásca 1916, áit ar éirigh os cionn 600 fear agus bean amach. Ba é aisling na Poblachta a bhí mar threoir ag cuid acu, bhí cuid eile spreagtha ag leasú chóras na talún. Sna blianta roimhe sin, áfach, bhí íomhá níos róimánsúla d'Iarthar na hÉireann acu siúd a bhí bainteach le hathbheochan na Gaeilge agus leis an athbheochan Angla-Éireannach; dar leo bhí sé mar stór den fhíorchultúr Gaelach.

Le clár comórtha OÉ Gaillimh déantar scrúdú ar imeachtaí 1916 ó pheirspictíochtaí éagsúla ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Scrúdaítear comhthéacsanna polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha an Éirí Amach agus an méid a thit amach ina dhiaidh. Tugaim cuireadh daoibh féachaint ar imeachtaí an ré sin agus an tionchar a bhí acu, agus atá fós acu inniu.

**DR CONOR MCNAMARA**

NUI Galway 1916 Scholar in Residence

Dr Conor McNamara is NUI Galway's 1916 Scholar in Residence, and will co-ordinate and curate many of the events in the University's commemorative programme. Conor's research focuses on political violence and social upheaval in nineteenth and twentieth century Ireland. He has written extensively on food shortage in the West in the first half of the nineteenth century, social upheaval during the revolutionary period, and the intersection between political violence and banditry.

Based in the University's Moore Institute, Conor's role will see him conducting research on the 1916 Rising and its context in Co. Galway and elsewhere in the West of Ireland. He will prepare a catalogue of resources, in Irish and English, from the NUI Galway archives and elsewhere, with a view to facilitating future research on the revolutionaries of 1916-23. Throughout the year, Conor will engage with local community groups across the country, and assist with a planned exhibition marking Galway's role in the Great War and the Irish Revolution.

AN DR CONOR MCNAMARA

Scoláire Cónaitheach 1916 OÉ Gaillimh

Is é an Dr Conor McNamara Scoláire Cónaitheach 1916 OÉ Gaillimh, agus déanfaidh sé comhordú agus eagrú ar go leor de na himeachtaí ar chlár comórtha na hOllscoile. Díríonn taighde Conor ar fhoréigean polaitiúil agus ar an ré thaghdach shóisialta in Éirinn sa naoú haois déag agus san fhichiú haois. Tá go leor scríofa aige faoi ghanntanas bia san Iarthar sa chéad leath den naoú haois déag, faoin ré thaghdach shóisialta le linn na réabhlóide agus faoin ngaol idir foréigean polaitiúil agus meirleachas.

Beidh Conor i mbun taighde ar Éirí Amach 1916 agus a chomhthéacs i gCo. na Gaillimhe agus in áiteanna eile in Iarthar na hÉireann. Ullmhóidh sé catalóg acmhainní, i nGaeilge agus i mBéarla, i gcartlanna OÉ Gaillimh agus in áiteanna eile d'fhonn taighde a éascú amach anseo ar réabhlóidithe 1916-23. I gcaitheamh na bliana, labhróidh Conor le grúpaí pobail áitiúil san Iarthar, agus cabhróidh sé chun taispeántas a chur le chéile d'fhonn ról na Gaillimhe sa Chogadh Mór agus i Réabhlóid na hÉireann a cheiliúradh.

Programme of Events An Clár Comórtha

TOWARDS 2016: 1916 AND IRISH LITERATURE, CULTURE & SOCIETY

Launch of collection of essays edited by Dr Seán Crosson and Dr Werner Huber and published by Wissenschaftlicher Verlag Trier, 2015. Speaker: Dr Mary N. Harris

ORGANISER:

Dr Seán Crosson (Huston School of Film & Digital Media).

I DTREO 2016: 1916 AGUS LITRÍOCHT, CULTÚR & SOCHAÍ NA HÉIREANN

Seoladh bailiúchán aistí curtha in eagar ag Seán Crosson agus ag an Dr Werner Huber agus foilsithe ag Wissenschaftlicher Verlag Trier, 2015. Cainteoir: An Dr Mary N. Harris

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Seán Crosson (Scoil Scannán & Meán Digiteach Huston).

OCTOBER

7

DEIREADH FÓMHAIR

2015

COMHDHÁIL AR LITRÍOCHT AGUS AR CHULTÚR NA GAEILGE

This conference will explore the interaction of Irish and European literary traditions. Continental connections with Ireland span many centuries, and during the Gaelic Revival there was a great deal of engagement with European language movements and literature.

ORGANISERS:

Dr Rióna Ní Fhrighil, Dr Clodagh Downey and Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh (School of Languages, Literatures and Cultures).

COMHDHÁIL AR LITRÍOCHT AGUS AR CHULTÚR NA GAEILGE

Scrúdóidh an chomhdháil seo an idirghníomhaíocht idir traidisiúin liteartha na hÉireann agus na hEorpa. Leis na céadta bliain bhí ceangal idir Éirinn agus an Mór-Roinn, agus le linn Athbheochan na Gaeilge bhí baint mhór ag an tír le gluaiseachtaí agus le litríocht i dteangacha na hEorpa.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Rióna Ní Fhrighil, an Dr Clodagh Downey and an Dr Ailbhe Ní Ghearbhuigh (Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr).

OCTOBER

9-10

DEIREADH FÓMHAIR

2015

THE ITGWU AND THE IRISH REVOLUTION

Francis Devine speaks to the Postgraduate History Seminar in the Moore Institute.

ORGANISER:

Dr Caitríona Clear (History, School of Humanities).

AN ITGWU AGUS RÉABHLÓID NA HÉIREANN

Labhróidh Francis Devine ag an Seimineár Staire Iarchéime in Institiúid de Móra.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Caitríona Clear (Stair, Scoil na nDaonnachtaí).

OCTOBER

14

DEIREADH FÓMHAIR

2015

OCTOBER

15

DEIREADH FÓMHAIR

2015

THE IRISH CITIZEN ARMY: HOW SIGNIFICANT WAS IT?

Night-time public seminar in the Mechanics' Institute, Middle Street, Galway with invited speakers including Dr Ann Matthews, Dr Leo Keohane and Professor Gavin Foster. Chaired by Dr Conor McNamara.

ORGANISERS:

Dr John Cunningham and Gerard Madden (History, School of Humanities), Dr David Convery (Moore Institute), and the Irish Centre for the Histories of Labour and Class.

ARM CATHARTHA NA HÉIREANN: CÉ CHOMH SUNTASACH IS A BHÍ SÉ?

Seimineár poiblí oíche in Institiúid na Meicneoirí, an tSráid Láir, Gaillimh, i measc na gcainteoirí beidh an Dr Ann Matthews, an Dr Leo Keohane, agus an tOllamh Gavin Foster. An Dr Conor McNamara a dhéanfaidh cathaoirleacht.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr John Cunningham agus Gerard Madden (Stair, Scoil na nDaonnachtaí), an Dr David Convery (Institiúid de Móra), agus Ionad na hÉireann um Startha na hOibre agus an Aicme.

NOVEMBER

17

SAMHAIN

2015

A STRANGE KIND OF GLORY: THE EASTER REBELLION IN COUNTY GALWAY AND ITS CONTEXT

History Ireland Hedge School chaired by Tommy Graham. This public event will take place in the Mechanics' Institute, Middle St, Galway. Speakers: Dr Úna Newell, Dr Jackie Uí Chionna, Dr John Cunningham and Dr Conor McNamara.

ORGANISER:

Dr Conor McNamara (NUI Galway 1916 Scholar in Residence).

CINEÁL GLÓIRE: ÉIRÍ AMACH NA CÁSÇA I GCONTAE NA GAILLIMHE AGUS A CHOMHTHÉACS

Scoil scairte *History Ireland*, faoi chathaoirleacht Tommy Graham. Beidh an ócáid phoiblí seo ar siúl in Institiúid na Meicneoirí, an tSráid Láir, Gaillimh. Cainteoirí: An Dr Úna Newell, an Dr Jackie Uí Chionna, an Dr John Cunningham agus an Dr Conor McNamara.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Conor McNamara (Scoláire Cónaitheach 1916 OÉ Gaillimh).



**'TO TROUBLE THE LIVING STREAM':
1916-2016**

A series of public events in Irish and English focusing on the legacy of the Easter Rising. These will include an Irish language book club devoted to writings from the revolutionary period and works interrogating the legacy of 1916.

ORGANISERS:

Dr Louis de Paor, Dr Méabh Ní Fhuartháin, Dr Verena Commins, Dr Nessa Cronin (Centre for Irish Studies).

**'TO TROUBLE THE LIVING STREAM':
1916-2016**

Sraith imeachtaí poiblí i nGaeilge agus i mBéarla ag díriú ar oidhreacht Éirí Amach na Cásca. Ina measc seo beidh club leabhar Gaeilge a bheidh dírithe ar scríbhneoireacht ón tréimhse réabhlóideach agus ar shaothar a scrúdaíonn oidhreacht 1916.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Louis de Paor, an Dr Méabh Ní Fhuartháin, an Dr Verena Commins, an Dr Nessa Cronin (Ionad an Léinn Éireannaigh).

JANUARY
TO APRILEANÁIR
GO HAIBREÁN

2016

**CLASS, GENDER AND THE
SEPARATION WOMEN**

Night-time public seminar in the Mechanics' Institute, Middle St, Galway, with invited speakers including Dr John Borgonovo, Mary Clancy and Fionnuala Walsh, chaired by Dr Sarah-Anne Buckley.

ORGANISERS:

Dr Sarah-Anne Buckley (History, School of Humanities) and the Irish Centre for the Histories of Labour and Class.

**AICME, INSCNE AGUS NA MNÁ
TRÉIGTHE**

Seimineár poiblí oíche in Institiúid na Meicneoirí, an tSráid Láir, Gaillimh, áit a labhróidh an Dr John Borgonovo, Mary Clancy agus Fionnuala Walsh, faoi chathaoirleacht an Dr Sarah-Anne Buckley.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Sarah-Anne Buckley (Stair, Scoil na nDaonnachtaí) agus Ionad na hÉireann um Startha na hOibre agus an Aicme.

JANUARY

14

EANÁIR

2016

JANUARY

22-23

EANÁIR

2016

PROCLAIMING THE REVOLUTION

A two-day conference focusing on the Proclamation of the Irish Republic, its ideological underpinnings, and the significance of its tenets during the revolutionary period and after. Key issues will include republicanism, gender, equality and perspectives on division and unity.

ORGANISERS:

Dr Mary N. Harris and Tony King (History, School of Humanities).

FÓGAIRT NA RÉABHLÓIDE

Comhdháil dhá lá ag díriú ar Fhorógra Phoblacht na hÉireann, an stair idé-eolaíoch a bhaineann leis, agus suntas a dhearbhpriionsabail le linn na tréimhse réabhlóidí agus ina dhiaidh sin. I measc na bpríomhábhar beidh poblachtánachas, inscne, comhionannas agus tuairimí ar easaontas agus ar aontacht.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Mary N. Harris agus Tony King (Stair, Scoil na nDaonnachtaí).

FEBRUARY
TO APRILFEABHRA
GO HAIBREÁN

2016

GLOBAL WAR / IRISH REVOLUTION / UNIVERSITY TOWN, 1914-1918

Exhibition relating to University College Galway's role in the events of 1914-18, to be held in the James Hardiman Library.

ORGANISERS:

Dr Gearóid Barry, Dr John Cunningham (History, School of Humanities) and Dr Conor McNamara (NUI Galway 1916 Scholar in Residence) in collaboration with James Hardiman Library and Archives.

COGADH DOMHANDA / RÉABHLÓID NA HÉIREANN / BAILE OLLSCOILE, 1914-1918

Taispeántas ar an ról a bhí ag Coláiste na hOllscoile, Gaillimh sna himeachtaí idir 1914-18, a bheidh ar siúl i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Gearóid Barry, an Dr John Cunningham (Stair, Scoil na nDaonnachtaí) agus an Dr Conor McNamara (Scoláire Cónaitheach 1916 OÉ Gaillimh) i gcomhpháirt le Leabharlann agus Cartlanna Shéamais Uí Argadáin.

FEBRUARY

8

FEABHRA

2016

THE VISIONS OF EOIN MACNEILL

Lecture by Dr Mary N. Harris

ORGANISERS:

Galway Archaeological and Historical Society, in collaboration with History, School of Humanities.

FÍSEANNA EOIN MHC NÉILL

Léacht leis an Dr Mary N. Harris

Á REÁCHTÁIL AG:

Cumann Seandálaíochta agus Staire na Gaillimhe, i gcomhpháirt le Stair, Scoil na nDaonnachtaí.

JAMES CONNOLLY: LIFE, DEATH AND LEGACY

Night-time seminar involving three invited speakers, including Professor Emmet O'Connor, in the Mechanics' Institute, Middle St, Galway.

ORGANISERS:

Dr John Cunningham (History, School of Humanities), Gerard Watts (Moore Institute) and the Irish Centre for the Histories of Labour and Class.

SÉAMUS Ó CONGHAILE: SAOL, BÁS AGUS OIDHREACHT

Seimineár oíche le triúr aoí-chainteoirí a bheidh ar siúl in Institiúid na Meicneoirí, an tSráid Láir, Gaillimh, ina measc beidh an tOllamh Emmet O'Connor.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr John Cunningham (Stair, Scoil na nDaonnachtaí), Gerard Watts (Institiúid de Móra) agus Ionad na hÉireann um Startha na hOibre agus an Aicme.

FEBRUARY

11

FEABHRA

2016

BORDER LINES

Susan McKay, author and journalist, and Vincent Woods, writer and broadcaster, reflect on history, myth, communities and identity in relation to the Irish border.

ORGANISER:

Mary McPartlan (Arts in Action) in conjunction with the School of Law.

AN TEORAINN

Caithfidh Susan McKay, údar agus iriseoir, agus Vincent Woods, scríbhneoir agus craoltóir, súil siar ar chúrsaí staire, miotais, pobail agus féiniúlachta mar a bhain siad le teorainn na hÉireann.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action) i gcomhpháirt le Scoil an Dlí.

FEBRUARY

18

FEABHRA

2016

IRISH HISTORY STUDENTS' ASSOCIATION CONFERENCE

This annual conference, hosted by NUI Galway in 2016, will include panels addressing the decade of centenaries.

ORGANISERS:

Eamonn Gardiner (History, School of Humanities) and the IHSA.

COMHDHÁIL DE CHUID CHOMHALTAS CHUMANN STAIRE NA HÉIREANN

Beidh deich mbliana de chomóradh an chéid faoi chaibidil ag painéil éagsúla ag an gcomhdháil bhliantúil seo a reáchtálfar in OÉ Gaillimh in 2016.

Á REÁCHTÁIL AG:

Eamonn Gardiner (Stair, Scoil na nDaonnachtaí) agus an IHSA.

FEBRUARY

19-21

FEABHRA

2016

FEBRUARY

25

FEABHRA

2016

TÍR GAN TEANGA, TÍR GAN ANAM: THE GAELIC REVIVAL AND THE 1916 RISING

A dramatised production in which actors present poetry and prose relating to the Gaelic Revival and the Rising. Dr Lillis Ó Laoire and Róisín Elsafty will perform songs relating to the period.

ORGANISER:

Mary McPartlan (Arts in Action).

TÍR GAN TEANGA, TÍR GAN ANAM: ATHBHEOCHAN NA GAEILGE AGUS ÉIRÍ AMACH 1916

Léiriú drámata ina mbeidh filíocht agus próis a bhaineann le hAthbheochan na Gaeilge agus leis an Éirí Amach á léiriú ag aisteoirí, agus beidh amhráin ón tréimhse sin á gcasadh ag Lillis Ó Laoire agus Róisín Elsafty.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action).

MARCH

3

MÁRTA

2016

THE CALL OF THE PIPER

A musical event celebrating the musicianship and traditional piping of 1916 leader Eamonn Ceannt, a respected uilleann piper. Researched and presented by pipers Louise Mulcahy and Conor Mc Keown. Louise also plays the flute.

ORGANISER:

Mary McPartlan (Arts in Action).

PORT AN PHÍOBAIRE

Ócáid cheoil ag ceiliúradh cheol agus píobaireacht thraidisiúnta cheannaire 1916 Éamonn Ceannt, píobaire uilleann clúiteach. Ba iad na píobairí Louise Mulcahy agus Conor Mc Keown a rinne taighde ar an ábhar seo agus a chuirfidh an ócáid i láthair. Seinneann Louise an fheadóg mhór chomh maith.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action).

MARCH

10

MÁRTA

2016

“WE ALSO ARE OF IRELAND” – WAR AND WORDS

An illustrated event involving a talk and a photographic exhibition, incorporating traditional labour songs about women and featuring the NUI Galway staff choir with soloists. This event is produced by Dr Caitríona Clear and Mary Clancy.

ORGANISER:

Mary McPartlan (Arts in Action).

“IS CUID D’ÉIRINN MUID” – COGADH AGUS FOCAIL

Ócáid léirithe a mbeidh caint agus taispeántas grianghrafadóireachta i gceist; beidh amhráin thraidisiúnta faoi obair na mban mar chuid den ócáid agus beidh cór OÉ Gaillimh móide amhránaithe aonair san áireamh. Is iad an Dr Caitríona Clear agus Mary Clancy a bheidh i mbun léirithe.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action).

TRADITIONAL MUSIC FROM THE O'NEILL COLLECTIONS, 1910-1920

Jack Talty and Cormac Begley, two of Ireland's leading young traditional musicians, play a collection of Irish traditional material from the period 1910-1921, drawing on the O'Neill collection of Irish Music.

ORGANISERS:

Mary McPartlan (Arts in Action).

CEOL TRADISIÚNTA Ó BHAILIÚCHÁIN UÍ NÉILL, 1910-1920

Beirt mhórchéoltóirí óga traidisiúnta na hÉireann, Jack Talty agus Cormac Begley ag seinm bailiúchán de phoirt thraidisiúnta ón tréimhse 1910 – 1921, a áiríonn ceol ó bhailiúchán mhuintir Uí Néill.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action).

MARCH

16

MÁRTA

2016

WAR, FREEDOM, LOVE AND LOSS

Young actors will perform the literary works of Joseph Mary Plunkett, Thomas MacDonagh, Pádraic Pearse and others, with music and songs of the period from the NUI Galway Medical Orchestra. Researched by Professor Sean Ryder and directed by Caroline Lynch.

ORGANISER:

Mary McPartlan (Arts in Action).

COGADH, SAOIRSE, GRÁ AGUS CAILLTEANAS

Léireoidh aisteoirí óga saothar liteartha a bhaineann le Seosamh Máire Pluincéid, Tomás Mac Donnchadha, Pádraic Mac Piarais agus daoine eile, chomh maith le ceol agus amhráin ón tréimhse seo ó Cheolfhoireann Leighis OÉ Gaillimh. Taighde déanta ag an Ollamh Sean Ryder agus faoi stiúir Caroline Lynch.

Á REÁCHTÁIL AG:

Mary McPartlan (Arts in Action).

MARCH

23-24

MÁRTA

2016



APRIL

9-10

AIBREÁN

2016

LAW, REVOLUTION AND SOVEREIGNTY: REFLECTIONS ON THE LEGAL LEGACY OF THE 1916 RISING & DECLARATION OF INDEPENDENCE

Conference, to be followed by publication. Taking the 1916 Proclamation as a starting point, and the values expressed therein, the project will trace the development of Irish law over the first century of legislative freedom.

ORGANISERS:

Professor Gerard Quinn (Centre for Disability Law and Practice), Dr Conor Hanly and Dr Eoin Daly (School of Law).

DLÍ, RÉABHLÓID AGUS FLAITHEAS: SÚIL SIAR AR OIDHREACTH DHLÍTHIÚIL ÉIRÍ AMACH 1916 & FORÓGRA NA SAOIRSE

Comhdháil, foilseofar imeachtaí na comhdhála níos déanaí. Ag glacadh le Forógra 1916 mar phointe tosaigh, agus na luachanna a chuimsítear ann, breathnófar ar an bhforbairt a rinneadh ar dhlí na hÉireann i gcaitheamh an chéad chéid de shaoirse reachtaíochta.

Á REÁCHTÁIL AG:

An tOllamh Gerard Quinn (An tIonad Dlí agus Beartais Míchumais), an Dr Conor Hanly agus an Dr Eoin Daly (Scoil an Dlí).

APRIL

22-23

AIBREÁN

2016

CELEBRATING MULTILINGUALISM IN IRELAND 2016

Insurgents in the GPO on 24 April 1916 were joined by a Swede and a Finn who could speak no English. Then as now, linguistic diversity was part of life in Ireland, even in the most exceptional circumstances. This diversity will be explored in this conference.

ORGANISERS:

Dr Ríona Ní Fhrighil (Gaeilge, School of Languages, Literatures and Cultures), Dr Stanislava Antonijevic (Speech and Language Therapy), and Caitlín Nic an Ultaigh (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge).

ILTEANGACHAS Á CHEILIÚRADH IN ÉIRINN 2016

Bhí Sualannach agus Fionlannach nach raibh aon Bhéarla ar a dtail acu in éindí le lucht an Éirí Amach in Ard-Oifig an Phoist ar an 24 Aibreán 1916. Mar atá anois ann, bhain éagsúlacht theangeolaíoch le saol na hÉireann, fiú amháin i gcásanna fíoreisceachtúla. Is í an éagsúlacht seo téama na comhdhála seo.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Ríona Ní Fhrighil (Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr), an Dr Stanislava Antonijevic (Teiripe Urlabhra agus Theanga), agus Caitlín Nic an Ultaigh (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge).

MAY

20-21

BEALTAINE

2016

1916 IN IRISH THEATRE/ 1916 AS IRISH THEATRE

This conference will explore the connection between theatre and the Rising. Theatre played a significant role in the lives of the Rising's leaders, many of whom themselves wrote and produced plays (notably Pearse, Connolly and MacDonagh). 1916 had a significant impact on subsequent Irish theatre.

ORGANISER:

Professor Patrick Lonergan (Centre for Drama, Theatre and Performance).

1916 IN AMHARCLANNAÍOCHT NA HÉIREANN/1916 MAR AMHARCLANNAÍOCHT NA HÉIREANN

Tabharfar léargas ar an nasc idir téatar agus an tÉirí Amach ag an gcomhdháil seo. Bhí baint mhór ag téatar le saol cheannairí an Éirí Amach; scríobh agus léirigh go leor acu drámaí iad féin (go háirithe Mac Piarais, Ó Conghaile agus Mac Donnchadha). Bhí tionchar mór ag 1916 ar théatar na hÉireann ina dhiaidh sin.

Á REÁCHTÁIL AG:

An tOllamh Patrick Lonergan (An tIonad Drámaíochta, Amharclannaíochta agus Taibhléirithe).

1916, CINEMA AND REVOLUTION

This conference on the theme of 1916, Cinema and Revolution will incorporate keynote addresses from leading academics and screenings of films relevant to the 1916 Rising and its aftermath, including the representation of national insurrection and civil war internationally.

ORGANISERS:

Professor Rod Stoneman and Dr Seán Crosson (Huston School of Film & Digital Media).

1916, CINEAMA AGUS AN RÉABHLÓID

Áirítear mar chuid den chomhdháil seo "1916, Cinema and Revolution" príomhchainteanna tábhachtacha ó lucht acadúil mór le rá agus léirithe scannán a bhaineann le hÉirí Amach 1916 agus an tréimhse ina dhiaidh sin; mar aon le léiriú a thabhairt ar an Éirí Amach náisiúnta agus cogadh cathartha idirnáisiúnta.

Á REÁCHTÁIL AG:

An tOllamh Rod Stoneman agus an Dr Seán Crosson (Scoil Scannán agus Meán Digiteach Huston).

MAY

25-27

BEALTAINE

2016

FÉILE SCANNÁN NA RÉABHLÓIDE 2016

Film festival on the theme of revolution to be held in Cois Fharráige, Conamara, Co. Galway.

ORGANISERS:

Club Scannán Sailearna, a Gaeltacht-based community film organisation, with Dan Dwyer (Aonad na Cumarsáide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge).

FÉILE SCANNÁN NA RÉABHLÓIDE 2016

Beidh féile scannán, bunaithe ar an réabhlóid, ar siúl i gCois Fharráige, Conamara, Co. na Gaillimhe.

Á REÁCHTÁIL AG:

Club Scannán Sailearna, eagraíocht phobail atá lonnaithe sa Ghaeltacht, in éineacht le Dan Dwyer (Aonad Léann na Cumarsáide, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge).

MAY

27-29

BEALTAINE

2016

THE LARKIN FAMILY AND THE REVOLUTION

Night-time public seminar in the Mechanics' Institute, Middle St, Galway. Invited speakers include Pádraig Yeates and James Curry.

ORGANISERS:

Dr John Cunningham and James Curry (History, School of Humanities), and the Irish Centre for the Histories of Labour and Class.

TEAGHLACH UÍ LORCÁIN AGUS AN RÉABHLÓID

Seimineár poiblí oíche in Institiúid na Meicneoirí, an tSráid Láir, Gaillimh. I measc na gcainteoirí beidh Pádraig Yeates agus James Curry.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr John Cunningham agus James Curry (Stair, Scoil na nDaonnachtaí), agus Ionad na hÉireann um Startha na hOibre agus an Aicme.

JUNE

9

MEITHEAMH

2016

JUNE

16-17

MEITHEAMH

2016

1916 IN GLOBAL CONTEXT: CONNECTIONS AND COMPARISONS

The Easter Rising took place against a background of global conflict. At this conference scholars from Ireland, Europe and beyond will spend two days in Galway exploring the global context of the Easter Rising.

ORGANISERS:

Dr Róisín Healy, Dr Enrico Dal Lago and Dr Gearóid Barry (History, School of Humanities).

1916 I GCOMHTHÉACS DOMHANDA: CEANGAIL AGUS COMPARÁIDÍ

Le linn Éirí Amach na Cásca a bheith ar siúl bhí coimhlint dhomhanda ar siúl chomh maith. Mar chuid den chomhdháil seo caithfidh scoláirí as Éirinn, an Eoraip agus níos faide i gcéin dhá lá i nGaillimh ag plé Éirí Amach na Cásca i gcomhthéacs domhanda.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Róisín Healy, an Dr Enrico Dal Lago agus an Dr Gearóid Barry (Stair, Scoil na nDaonnachtaí).

JULY

1-2

IÚIL

2016

REVOLUTION IN THE WEST OF IRELAND: NEW PERSPECTIVES

This conference will explore social, political and cultural aspects of the revolutionary period. With a particular focus on the research potential of the range of newly released archives, the latest research on the period will be presented and discussed, and there will be an exploration of the competing narratives of the revolution especially as they relate to the West.

ORGANISER:

Dr Conor McNamara (NUI Galway 1916 Scholar in Residence).

RÉABHLÓID IN IARTHAR NA HÉIREANN: PEIRSPICTÍOCHTAÍ NUA

Breathnófar ar ghnéithe sóisialta, polaitiúla agus cultúir a bhaineann le tréimhse na réabhlóide mar chuid den chomhdháil seo. Díreofar ar an acmhainn taighde atá sna cartlanna is nuaí a tháinig chun cinn, déanfar an taighde is déanaí ón tréimhse seo a chur i láthair agus a phlé, mar aon le spléachadh a thabhairt ar na hinsintí iomaíocha a bhaineann leis an réabhlóid, go mór mór na cinn a bhaineann leis an Iarthar.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Conor McNamara (Scoláire Cónaitheach 1916 OÉ Gaillimh).

SEPTEMBER

9

MEAN FÓMHAIR

2016

BEFORE 1916: ROBERT LYND AND VISIONS OF IRELAND TO COME

This day-long event will feature paper presentations, visual exhibits, music and dramatic performances exploring the work, life and influence of Robert Lynd (1879-1949).

ORGANISERS:

Dr Niamh Reilly (Moore Institute) with Gender ARC colleagues from English, History, Theatre and Performance, Global Women's Studies and Political Science and Sociology.

ROIMH 1916: ROBERT LYND AGUS FÍS D'ÉIRINN AMACH ANSEO

Áireofar mar chuid den ócáid lae láithreoireachtaí páipéir, taispeántáin físiúla, ceol, agus léirithe drámatúla d'fhonn saothar, saol agus tionchar Robert Lynd (1879-1949) a léiriú.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Niamh Reilly (Institiúid de Móra) in éineacht le comhghleacaithe ón ngrúpa Gender ARC ó Bhéarla, Stair, Amharclannaíocht agus Taibhiú, Léann Domhanda na mBan agus Eolaíocht Pholaitiúil & Socheolaíocht.

CHILDREN AND CHILDHOOD IN THE REVOLUTIONARY PERIOD

This conference will explore issues surrounding childhood, child welfare and the experience of children during the period of the revolution in Ireland. The history of childhood in Ireland has become a popular and exciting area over the last number of years.

ORGANISER:

Dr Sarah-Anne Buckley (History, School of Humanities).

PÁISTÍ AGUS AN ÓIGE LE LINN NA TRÉIMHSE RÉABHLÓIDÍ

Tabharfaidh an chomhdháil seo léargas ar na deacrachtaí i measc na hóige, leasa leanaí agus an taithí saoil a bhí ag leanaí le linn thréimhse na réabhlóide in Éirinn. Tá suim mhór á cur i stair na hóige in Éirinn le blianta beaga anuas.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Sarah-Anne Buckley (Stair, Scoil na nDaonnachtaí).

SEPTEMBER

18-19

MEAN FÓMHAIR

2016

1916: HOME: 2016

This two-part conference at NUI Galway (7-8 October 2016) and UCD (27-29 October 2016) considers the place of the hidden voices of 1916 and beyond in national narratives and commemorative events. 2016 is also the 20-year anniversary of the closure of the last Magdalene laundry in Ireland. In addition to the conferences multidisciplinary artistic events will take place during the month.

ORGANISERS:

Dr Miriam Haughton and Dr Charlotte McIvor (English, School of Humanities).

1916: BAILE: 2016

Déanfar machnamh le linn na comhdhála seo (a bhfuil dhá chuid i gceist) in OÉ Gaillimh (7-8 Deireadh Fómhair 2016) agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (27-29 Deireadh Fómhair 2016), ar an mbaint atá ag eolas faoi cheilt ó 1916 i leith in imeachtaí náisiúnta comórtha agus insinte. In 2016 beifear ag comóradh 20 bliain ó dhún an neachtlan Mhaigdiléana deiridh in Éirinn. Chomh maith leis an gcomhdháil ildisciplíneach reáchtálfar imeachtaí ealaíonta i rith na míosa.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr Miriam Haughton agus an Dr Charlotte McIvor (Béarla, Scoil na nDaonnachtaí).

OCTOBER

DEIREADH FÓMHAIR

2016

COMHDHÁIL AR LITRÍOCHT AGUS CULTÚR NA GAEILGE: 1916 AGUS AN FHÉINIÚLACHT NÁISIÚNTA

This Irish language conference will feature discourses on national identity and on Irish before and after the foundation of the State.

ORGANISERS:

Dr John Walsh and Dr Lesa Ní Mhunghaile (Gaeilge, School of Languages, Literatures and Cultures).

COMHDHÁIL AR LITRÍOCHT AGUS AR CHULTÚR NA GAEILGE: 1916 AGUS AN FHÉINIÚLACHT NÁISIÚNTA

Déanfaidh an chomhdháil Ghaeilge seo caibidil ar fhéiniúlacht náisiúnta agus ar an nGaeilge roimh bhunú an Stáit agus ina dhiaidh sin.

Á REÁCHTÁIL AG:

An Dr John Walsh agus an Dr Lesa Ní Mhunghaile (Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr).

OCTOBER

8-9

DEIREADH FÓMHAIR

2016

NOVEMBER
SAMHAIN

2016

NUI Galway will host the major national academic 1916-2016 conference in November 2016 with academic contributions from a broad range of Ireland's universities and institutes of technology as well as from a number of leading international figures.

Beidh comhdháil mhór náisiúnta acadúil 1916-2016 ar siúl in OÉ Gaillimh i mí na Samhna 2016, ina nglacfaidh réimse leathan d'acadóirí ollscoile agus institiúidí teicneolaíochta na hÉireann páirt ann, chomh maith le pearsana idirnáisiúnta mór le rá.

Other Projects Tionscadail Eile

CATALOGUE OF IRISH MANUSCRIPTS

The creation through research of a detailed modern catalogue of the extremely important collection of over 100 Gaelic Manuscripts in the James Hardiman Library. This publication will be made available online and in book form.

The initial bequest of some 70 manuscripts was made in 1939 by Dr Douglas Hyde, one of the shapers of modern Ireland, and the key figure between the Irish-language Revival and the Literary Revival.

RESEARCHER:

Professor Máirín Ní Dhonnchadha (Old and Middle Irish).

CATALÓG DE LÁMHSCRÍBHÍNÍ NA hÉIREANN

Mionchatalóg nua-aimseartha a chruthú agus a fhoilsiú ar líne agus i bhfoirm leabhair, bunaithe ar thaighde a dhéanfar ar na bailiúcháin fhíorthábhachtacha a áiríonn breis is 100 Lámhscríbhinn Gaeilge i Leabharlann Shéamais Uí Argadáin.

Ba é an Dr Dubhghlas de hÍde (i 1939), duine de mhórchéannródaithe na hÉireann, agus a raibh baint lárnach aige le hAthbheochan na Gaeilge agus leis an Athbheochan Líteartha, a bhronn an chéad tiomnacht sa bhreis ar 70 lámhscríbhinn.

TAIGHDEOIR:

An tOllamh Máirín Ní Dhonnchadha (Sean-Ghaeilge agus Meán-Ghaeilge)

DIGITISATION PROJECTS

1. Digitisation of 300 wax cylinder recordings of the Irish tradition by Tomás Ó Máille, professor of Irish in University College Galway 1909-1938.

ORGANISERS:

Professor Lillis Ó Laoire (Gaeilge, School of Languages, Literatures and Cultures) and Dr Deirdre Ní Chonghaile (Moore Institute).

2. A digital exhibition of archival recordings related to 1916 will be compiled and curated from the archive of RTÉ Raidió na Gaeltachta, in partnership with RTÉ, RIA and DRI and supported by Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain – An Teanga Bheo.

TIONSCADAIL DHIGITEACHA

1. Digiú a dhéanamh ar 300 sorcóir céarach de mhíreanna taifeadta a bhaineann le traidisiún na hÉireann le Tomás Ó Máille, Ollamh le Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh 1909-1938.

Á REÁCHTÁIL AG:

An tOllamh Lillis Ó Laoire (Gaeilge, Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr) agus an Dr Deirdre Ní Chonghaile (Institiúid de Móra).

2. Taispeántas digiteach bunaithe ar mhíreanna cartlainne a bhaineann le 1916 a chuirfear i dtoll a chéile ó chartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta; déanfar é seo i bpáirt le RTÉ, RIA agus DRI le tacaíocht ón tionscnamh Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain - An Teanga Bheo.

PUBLICATION

LEARNING FROM OUR PERSONAL PAST AT NUI GALWAY: MEMORIES OF FAMILY WHO PARTICIPATED IN IRELAND'S HISTORY (1914 -1924)

This edited volume will explore how existing and retired NUI Galway staff were impacted by their family members' direct involvement in 1916, the War of Independence and/or the Civil War.

EDITOR:

Professor Pat Dolan (UNESCO Child and Family Research Centre).

FOILSEACHÁN

FOGHLAIM ÓNÁR DTAITHÍ PHEARSANTA SNA BLIANTA A CAITHEADH IN OÉ GAILLIMH: CUIMHNÍ CINN NA DTEAGHLACH A BHÍ PÁIRTEACH I STAIR NA hÉIREANN (1914 -1924)

Tabharfaidh an t-imleabhar seo léargas ar an gcaoi ar cuireadh as d'oibrithe agus oibrithe a bhí ar scor in OÉ Gaillimh de bharr an bhaint dhíreach a bhí ag a muintir le himeachtaí 1916, Cogadh na Saoirse agus/nó an Cogadh Cathartha.

EAGARTHÓIR:

An tOllamh Pat Dolan (Ionad Taighde Leanáí agus Teaghlach UNESCO).



Commemorating 1916 and beyond
Comóradh ar 1916 agus ar lean é

19
.....
20 16 | Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

www.nuigalway.ie/anationrising